AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.12.2024
COM(2024) 583 final

2024/0323 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-údaraítear an Spáinn le ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí atá i mbeart i gcalafoirt, i gcomhréir le Treoir 2003/96/CE

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Déantar cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas san Aontas a rialáil le Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas[1] (an 'Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh' nó an 'Treoir').

De bhun Airteagal 19(1) den Treoir, sa bhreis ar na forálacha a leagtar síos in Airteagail 5, 15 agus 17 di go háirithe, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, aon Bhallstát a údarú chun díolúintí nó laghduithe sa bhreis ó thaobh leibhéal an chánachais de a thabhairt isteach i gcomhair breithnithe sonracha beartais.

De bhua Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1491 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018[2], údaraíodh an Spáinn cheana le ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas arna sholáthar go díreach do shoithí, seachas árthaí príobháideacha áineasa[3], atá i mbeart i gcalafoirt ('leictreachas cois cladaigh').

Rachaidh an maolú atá ann faoi láthair in éag an 31 Nollaig 2024. Is é cuspóir an togra seo síneadh a chur leis an údarú sin mar a d'iarr an Spáinn.

Le litir dar dáta an 27 Feabhra 2024, chuir údaráis na Spáinne an Coimisiún ar an eolas go raibh sé ar intinn acu síneadh a chur leis an mbeart atá ann faoi láthair go dtí an 31 Nollaig 2030. Thug údaráis na Spáinne faisnéis bhreise i litreacha dar dáta an 11, an 14 agus an 15 Deireadh Fómhair 2024.

Is é atá ar intinn ag údaráis na Spáinne leanúint den ráta laghdaithe EUR 0,5 in aghaidh gach MWh de cháin leictreachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas cois cladaigh. Tá an ráta cánach sin i gcomhréir leis an íosráta cánachais ar leictreachas le haghaidh úsáid ghnó mar a leagtar síos i dTreoir 2003/96/CE (i.e. EUR 0,5 in aghaidh gach MWh).

Is ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2030 a mhairfidh an tréimhse bhailíochta a iarradh i dtosach báire, ar tréimhse í atá laistigh den tréimhse uasta a cheadaítear le hAirteagal 19 den Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh. Tar éis plé idir údaráis na Spáinne agus an Coimisiún, go háirithe i bhfianaise an athbhreithnithe atá beartaithe ar Threoir 2003/96/CE[4], comhaontaíodh dáta foirceanta níos luaithe, mar atá, an 31 Nollaig 2028.

Is é is aidhm don bheart cánach tionchar comhshaoil an mhuiriompair a laghdú. Úsáid leictreachais cois cladaigh den sórt sin, meastar gur bealach níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol é chun freastal ar riachtanais leictreachais soithí atá i mbeart i gcalafoirt i gcomparáid leis na soithí sin a bheith ag dó breoslaí umair.

---

1 IO L 283, 31.10.2003, lgh. 51-70.

2 IO L 252, 8.10.2018, lgh. 40–41.

3 Sainmhínítear an téarma 'árthach príobháideach áineasa' in Airteagal 14(1)(c), an dara fomhír de Threoir 2003/96/CE.

4 COM/2021/563 final: Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú).

Sa mhéid go seachnaítear le húsáid leictreachais cois cladaigh astaíochtaí truailleán aeir a thagann as soithí atá i mbeart a bheith ag dó breoslaí umair, rannchuidítear le feabhas a chur ar an gcáilíocht aeir i gcathracha calafoirt. Faoi choinníollacha sonracha an struchtúir giniúna leictreachais sa Spáinn, meastar freisin go laghdófar astaíochtaí CO2 agus leibhéil torainn mar gheall ar úsáid leictreachais ón eangach ar tír seachas leictreachas a ghintear trí bhreoslaí umair a dhó ar bord. Tá coinne leis go rannchuideoidh an beart, dá bhrí sin, le cuspóirí comhshaoil, sláinte agus beartas aeráide an Aontais.

Aithníonn údaráis na Spáinne gur státchabhair atá sa bheart agus áitíonn siad go gcomhlíonann an beart na coinníollacha ábhartha i Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach ag luí leis an margadh inmheánach agus Airteagail 107 agus 108 den Chonradh á gcur i bhfeidhm.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is le Treoir 2003/96/CE, go háirithe Airteagal 10 di, a rialaítear cánachas leictreachais. Foráiltear in Airteagal 14(1)(c) maidir le díolúine sainordaitheach ó cháin i gcomhair táirgí fuinnimh le haghaidh loingseoireachta agus le haghaidh leictreachas a tháirgtear ar bord árthaigh. Foráiltear le hAirteagail 5, 15 agus 17 maidir leis an bhféidearthacht do na Ballstáit difreálacha cánach a chur i bhfeidhm lena n-áirítear díolúintí agus laghduithe, maidir le húsáidí áirithe leictreachais. Mar sin féin, ní dhéantar foráil leis na forálacha sin maidir le cánachas laghdaithe leictreachais cois cladaigh.

*Forálacha faoin Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh*

*Measúnú ar an mbeart faoi Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE*

Léitear Airteagal 19(1), an chéad fhomhír, den Treoir mar a leanas:

*Sa bhreis ar na forálacha a leagtar amach sna hAirteagail roimhe seo, go háirithe in Airteagail 5, 15 agus 17, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, aon Bhallstát a údarú chun díolúintí nó laghduithe sa bhreis a thabhairt isteach i gcomhair breithnithe sonracha beartais.*

Mhol an Coimisiún cheana úsáid an leictreachais cois cladaigh mar rogha mhalartach ar ghiniúint leictreachais ar bord na soithí atá i mbeart agus d'aithin sé, dá bhrí sin, buntáistí comhshaoil a úsáide[5].

An fhéidearthacht cóireáil chánach atá fabhrach do leictreachas cois cladaigh a thabhairt isteach, is féidir í a shamhlú faoi Airteagal 19 den Treoir ós rud é gurb é is cuspóir dó cead a thabhairt do na Ballstáit díolúine nó laghduithe breise a thabhairt isteach le haghaidh breithnithe sonracha beartais.

D'iarr an Spáinn go gcuirfí an beart i bhfeidhm ar feadh na huastréimhse a cheadaítear le hAirteagal 19(2) den Treoir, i.e. 6 bliana (ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2030). I bprionsabal, ba cheart tréimhse feidhme an mhaolaithe a bheith sách fada ionas nach ndíspreagtar oibritheoirí calafoirt agus soláthróirí leictreachais leanúint d'infheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh i saoráidí leictreachais cois cladaigh nó tús a chur leo. Tabharfar leis

[5] Moladh 2006/339/CE ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2006 maidir le cur chun cinn leictreachais cois cladaigh lena úsáid ag soithí atá i mbeart ag calafoirt an Chomhphobail (IO L 125, 12.5.2006).

an tréimhse sin deimhneacht dhlíthiúil d'oibreoirí loinge freisin, a bhfuil orthu a n-infheistíochtaí i dtrealamh infheithicle a phleanáil. Tar éis plé idir údaráis na Spáinne agus an Coimisiún, go háirithe i bhfianaise an athbhreithnithe atá beartaithe ar Threoir 2003/96/CE, comhaontaíodh dáta foirceanta níos luaithe, mar atá, an 31 Nollaig 2028.

Go deimhin, níor cheart dochar a dhéanamh leis an maolú d'fhorbairtí a dhéanfar amach anseo ar an gcreat dlíthiúil atá ann cheana agus ba cheart an t-athbhreithniú atá ar siúl faoi láthair ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh a chur san áireamh, mar aon le glacadh féideartha gnímh dlí ag an gComhairle bunaithe ar an togra ón gCoimisiún chun an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh a athmhúnlú[6].

Go sonrach, mar chuid den athmhúnlú atá beartaithe ar an Treoir maidir le cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas, tá foráil déanta ag an gCoimisiún, i measc nithe eile, go ndéanfaidh na Ballstáit uile díolúintí, díolúintí páirteacha nó laghduithe a chur i bhfeidhm maidir leis an leibhéal cánachais ar leictreachas arna sholáthar go díreach do shoithí atá ar i mbeart i gcalafoirt, chun dreasacht a shocrú dá fhorbairt agus dá úsáid.
Sna himthosca sin, is cosúil go bhfuil sé iomchuí an t-údarú a dheonú le haghaidh na tréimhse atá i gceist.
*Rialacha maidir leis an státchabhair*

An ráta laghdaithe EUR 0,5 in aghaidh gach Mwh atá beartaithe ag an Spáinn, tá sé i gcomhréir leis an íosráta cánachais ar leictreachas le haghaidh úsáid ghnó mar a leagtar síos i dTreoir 2003/96/CE.

Is cosúil, dá bhrí sin, go dtagann an beart faoi Airteagal 44 de Rialachán (AE) 651/2014 ón gCoimisiún, lena sonraítear na coinníollacha faoinar féidir cabhair i bhfoirm laghduithe ar chánacha faoi Threoir 2003/96/CE a dhíolmhú ó na ceanglais maidir le fógra a thabhairt faoi Státchabhair. Mar sin féin, ní féidir a shuíomh ag an gcéim seo cé acu atá nó nach bhfuil na coinníollacha uile a leagtar síos sa Rialachán seo á gcomhlíonadh. Leis an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle ní dhéantar réamhbhreith ar oibleagáid an Bhallstáit a áirithiú go bhfuil na rialacha maidir leis an státchabhair á gcomhlíonadh, go háirithe, i gcás cabhair dhíolmhaithe, Rialachán (AE) 651/2014 ón gCoimisiún. Tá an togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle gan dochar freisin d'oibleagáid an Bhallstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoin gcabhair sula gcuirfear i bhfeidhm í, de bhun Airteagal 108(3) CFAE, i gcás nach gcumhdaítear an chabhair nua le blocdhíolúine.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

*Beartas comhshaoil agus beartas don athrú aeráide*

Baineann an beart a iarradh go príomha le beartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide. Sa mhéid go mbeidh an beart ina chabhair le dó breoslaí umair a laghdú ar bord na soithí sin i gcalafoirt, rannchuideoidh an beart leis an gcuspóir cáilíocht an aeir áitiúil a fheabhsú, rud a laghdóidh torann agus a rachaidh i ngleic leis an athrú aeráide. Le Treoir 2008/50/CE maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh[7] ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go gcoinnítear leibhéil roinnt truailleáin aeir faoi bhun na dteorainnluachanna, na spriocluachanna agus na gcaighdeán eile cáilíochta aeir a bhunaítear

[6] COM/2021/563 final: Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú).
[7] Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (IO L 152, 11.6.2008, lch. 1).

sa Treoir. Leis an oibleagáid sin ceanglaítear ar na Ballstáit teacht ar réitigh ar fhadhbanna amhail astaíochtaí long atá i mbeart i gcalafoirt i gcás ina bhfuil sé sin ábhartha agus d'fhéadfaí a shamhlú go molfar úsáid leictreachais cois cladaigh mar ghné amháin de straitéis iomlán cháilíocht an aeir i gcalafoirt ina bhfuil na fadhbanna sin. Spreagtar úsáid leictreachais cois cladaigh freisin faoi Threoir (AE) 2016/802[8] lena rialaítear an cion sulfair i mbreoslaí muirí.

De réir údaráis na Spáinne, níor tháinig laghdú ar astaíochtaí dé-ocsaíde sulfair, ocsaídí nítreacha, ábhair cháithníneacha agus ocsaídí carbóin mar thoradh ar úsáid leictreachais cois cladaigh, mar gheall ar infhaighteacht an-teoranta saoráidí chun leictreachas cois cladaigh a sholáthar sa Spáinn. Níor thosaigh saoráidí den sórt sin ag oibriú i gcalafort Barcelona ach in 2024. Ullmhaíodh suiteálacha tionscadail cheana féin le haghaidh chalafoirt Valencia, Bilbao agus Algeciras. Tá réamhthionscadail á n-ullmhú ag calafoirt eile de chuid na Spáinne freisin chun saoráidí a chur i bhfeidhm chun leictreachas cois cladaigh a sholáthar. Níl acmhainneacht iomlán an bhirt bainte amach ós rud é go bhfuil gá fós le trealamh costasach ar chéanna agus ar na longa araon. Tá úsáid leictreachais cois cladaigh tábhachtach d'iarracht na Spáinne na caighdeáin cáilíochta aeir a chomhlíonadh i gcomhréir le Treoir 2008/50/CE an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip.

*Beartas fuinnimh*

Tá an beart i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1804 an 13 Meán Fómhair 2023[9] maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE[10], lena dtugtar aghaidh ar an tsaincheist i ndáil le saoráidí soláthair leictreachas cois cladaigh a shuiteáil i gcalafoirt ina bhfuil éileamh ar shaoráidí den sórt sin agus ina bhfuil na costais a bhaineann le cur i bhfeidhm an bhonneagair i gcomhréir leis na tairbhí, lena n-áirítear na tairbhí comhshaoil. Rinneadh measúnú freisin ar bheart comhchosúil agus deimhníodh go rannchuidíonn sé le cuspóirí bheartais agus reachtaíocht an Aontais a bhaint amach arb é is aidhm dóibh lorg comhshaoil an mhuiriompair a laghdú agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a fhorbairt faoi Airteagal 107(3)(c) CFAE[11].

Ní mór a mheabhrú ag an bpointe seo gur cúis thábhachtach leis an leictreachas cois cladaigh a bheith faoi mhíbhuntáiste iomaíochta is ea tairbhe a bheith á baint ag an rogha mhalartach, i.e. leictreachas a tháirgtear ar bord na soithí agus iad i gcalafoirt mhuirí, as díolúine iomlán ó cháin: ní hamháin go ndóitear an breosla umair chun an leictreachas atá díolmhaithe ó chánachas a ghiniúint, a chomhfhreagraíonn don ghnáthstaid faoi Airteagal 14(1)(a) de Threoir 2003/96/CE, ach tá an leictreachas féin a tháirgtear ar bord na soithí díolmhaithe freisin (cf. Airteagal 14(1)(c) de Threoir 2003/96/CE). Cé go bhféadfaí a mheas go mbeadh díolúine an leictreachais a tháirgtear ar bord na soithí deacair a réiteach le spriocanna comhshaoil an Aontais, freagraíonn an díolúine do bhreithnithe praiticiúlachta. Go deimhin, le cánachas an leictreachais a tháirgtear ar bord, cheanglófaí dearbhú ón longúinéir nó ón oibreoir maidir le méid an leictreachais a ídítear. Ina theannta sin, ní mór go gcinnfí leis an dearbhú sciar an leictreachais a ídítear in uiscí teorann an Bhallstáit ina bhfuil an cháin dlite.

8 Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le laghdú ar an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe (IO L 132, 21.5.2016, lgh. 58-78).
9 IO L 234, 22.9.2023, lch. 1.
10 IO L 307, 28.10.2014, lch. 1.
11 Cinneadh C(2024) 3934 final ón gCoimisiún an 17.6.2024 i gcás SA.105117 maidir leis an Státchabhair (IO C/2024/5376, 3.9.2024)

Cruthófaí leis sin ualach ollmhór riaracháin do longúinéirí dearbhuithe den sórt sin a dhéanamh i gcás gach Ballstáit lena mbaineann a uiscí teorann.

*Beartas iompair*

Tá an beart i gcomhréir le moladh 2006/339/CE ón gCoimisiún maidir le leictreachas cois cladaigh a chur chun cinn lena úsáid ag longa atá i mbeart i gcalafoirt an Aontais[12] agus tá sé i gcomhréir le Teachtaireacht an Choimisiúin, Spriocanna Straitéiseacha agus moltaí maidir le beartas muiriompair an Aontais[13].

Thairis sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE[14], ó 2030 ar aghaidh ceanglófar ar shoithí a aicmítear mar longa cúrsála, báid farantóireachta agus longa coimeádán os cionn 5 000 olltonnáiste córais Soláthair Cumhachta ar Tír a úsáid, seachas i gcás ina bhfuil teicneolaíocht astaíochtaí nialasacha ar fáil dóibh.

*An margadh inmheánach agus iomaíocht chóir*

Ó thaobh an mhargaidh inmheánaigh agus na hiomaíochta córa de, ní laghdaítear leis an mbeart ach an saobhadh cánach atá ann cheana idir dhá fhoinse iomaíocha leictreachais le haghaidh báid atá i mbeart, i.e. giniúint ar bord agus leictreachas cois cladaigh, mar thoradh ar an díolúine ó cháin le haghaidh breoslaí umair.

Níor thug údaráis na Spáinne athruithe faoi deara ar rogha chalafoirt na longúinéirí ar athruithe iad atá nasctha le hinfhaighteacht saoráidí leictreachais cois cladaigh. Níl rogha chalafort na longúinéirí bunaithe ar cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear leictreachas cois cladaigh.

Maidir le hiomaíocht idir calafoirt, aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar thrádáil idir na Ballstáit, a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar shoithí a mbealaí a athrú mar gheall ar an bhféidearthacht leictreachas cois cladaigh a ídiú ar ráta laghdaithe cánach, is féidir coinne a bheith leis sin go mbeidh an tionchar sin diomaibhseach. I gcás nach dócha, mar a luadh thuas, go n-éireoidh úsáid leictreachais cois cladaigh, sa ghearrthéarma ar a laghad, níos eacnamaíche ná giniúint ar bord in ainneoin an laghdaithe cánach, ar an gcaoi chéanna, ní dócha go saobhfaí leis an laghdú cánach sin le haghaidh leictreachais cois cladaigh an iomaíocht idir calafoirt trí shoithí a spreagadh chun a gcúrsa taistil a athrú de réir infhaighteacht na rogha sin.

An tráthchlár dá bhfuil sé beartaithe chun síneadh a chur leis an údarú chun ráta laghdaithe cánach a chur i bhfeidhm, mura mbeidh athruithe móra sa chreat agus sa staid atá ann faoi láthair, fágann an tráthchlár sin nach dócha go n-athrófar an anailís a rinneadh sna míreanna roimhe seo roimh dháta éaga an bhirt.

---

12 Moladh 2006/339/CE ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2006 maidir le leictreachas cois cladaigh a chur chun cinn lena úsáid ag longa atá i mbeart i gcalafoirt an Chomhphobail (IO L 125, 12.5.2006)

13 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Spriocanna straitéiseacha agus moltaí le haghaidh bheartas muiriompair an Aontais go dtí 2018, COM(2009) 8 final an 21 Eanáir 2009.

14 IO L 234, 22.9.2023, lch. 48.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE ón gComhairle.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Níl an réimse cánach indírí a chumhdaítear le hAirteagal 113 CFAE ann féin faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh de réir bhrí Airteagal 3 CFAE.

Os a choinne sin, de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE, tugadh inniúlacht eisiach don Chomhairle, mar ábhar dlí thánaistigh, chun Ballstát a údarú le díolúintí nó laghduithe sa bhreis a thabhairt isteach de réir bhrí na forála sin. Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit iad féin a chur in ionad na Comhairle. Mar thoradh air sin, níl prionsabal na coimhdeachta infheidhme maidir leis an gcinneadh cur chun feidhme seo. In aon chás, ó tharla nach dréachtghníomh reachtach an gníomh seo, níor cheart é a tharchur chuig Parlaimintí náisiúnta de bhun Phrótacal Uimh. 2 a ghabhann leis na Conarthaí lena athbhreithniú maidir lena chomhlíontacht le prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Leis an togra seo urramaítear prionsabal na comhréireachta. Ní théann an laghdú cánach seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir atá i gceist a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle atá san ionstraim atá beartaithe. Ní dhéanann Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE foráil ach maidir leis an gcineál sin birt.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní cheanglaítear leis an mbeart aon mheastóireacht a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an Spáinn agus baineann sé leis an mBallstát sin amháin. Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

- **Measúnú tionchair**

Baineann an togra le húdarú a thabhairt do Bhallstát aonair ar a iarraidh féin agus ní cheanglaítear leis measúnú tionchair a dhéanamh.

Leis an bhfaisnéis arna soláthar ag an Spáinn, tugtar le fios go mbeidh tionchar teoranta ag an mbeart ar ioncaim chánach.

Tá an Spáinn ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag an mbeart ar a spriocanna comhshaoil a bhaint amach agus go háirithe an caighdeán aeir a fheabhsú i gcomhréir le Treoir 2008/50/CE maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip. Níl acmhainneacht iomlán an bhirt bainte amach ós rud é go bhfuil gá fós le trealamh costasach ar chéanna agus ar na longa araon.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní dhéantar foráil leis an mbeart maidir le simpliú. Is toradh é ar an iarraidh a rinne an Spáinn agus baineann sé leis an mBallstát sin amháin.

- **Cearta bunúsacha**

Ní dhéanann an beart difear do chearta bunúsacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní chuirtear aon ualach airgeadais ná riaracháin ar an Aontas leis an mbeart seo. Dá bhrí sin, ní bheidh aon tionchar ag an togra ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Níl aon ghá le plean cur chun feidhme. Baineann an togra seo le húdarú maidir le laghdú cánach le haghaidh Ballstát aonair ar a iarraidh féin. Soláthraítear é le haghaidh tréimhse theoranta go dtí an 31 Nollaig 2028. Ní mór na rátaí cánach a mbeidh feidhm acu a bheith i gcomhréir leis an íosleibhéal cánachais a leagtar amach leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh. Is féidir meastóireacht a dhéanamh ar an mbeart i gcás iarraidh ar athnuachan tar éis dul in éag na tréimhse bailíochta.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní cheanglaítear leis an togra aon doiciméad míniúcháin a bheith ann maidir leis an trasuí.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Sonraítear in Airteagal 1 go gceadófar don Spáinn ráta laghdaithe cánachais leictreachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí, ar soithí nach árthaí príobháideacha áineasa iad, atá i mbeart i gcalafoirt na Spáinne (‘leictreachas cois cladaigh’). Ní mór an ráta cánach a bheith i gcomhréir leis an íosleibhéal cánachais ar leictreachas le haghaidh úsáid ghnó a leagtar amach sa Treoir. Ní bheifear in ann leictreachas a sholáthar ar ráta laghdaithe d’árthaí príobháideacha áineasa mar a shainmhínítear in Airteagal 14(1)(c), an dara fomhír de Threoir 2003/96/CE.

Sonraítear in Airteagal 2 go ndeonaítear an t-údarú arna iarraidh le héifeacht ón 1 Eanáir 2025, agus é leanúnach leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme 2018/1491/AE ón gComhairle atá ann faoi láthair, go dtí an 31 Nollaig 2028, laistigh den uastréimhse a cheadaítear leis an Treoir.

2024/0323 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear an Spáinn le ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí atá i mbeart i gcalafoirt, i gcomhréir le Treoir 2003/96/CE**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas[15], agus go háirithe Airteagal 19(1), an chéad fhomhír di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1491 ón gComhairle[16], údaraíodh an Spáinn le ráta laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí atá i mbeart i gcalafoirt, ar soithí nach árthaí príobháideacha áineasa iad (‘leictreachas cois cladaigh’), i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE go dtí an 31 Nollaig 2024.

(2) I litir dar dáta an 27 Feabhra 2024, d’iarr an Spáinn údarú chun leanúint de ráta laghdaithe cánach leictreachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas cois cladaigh de bhun Airteagal 19 de Threoir 2003/96/CE. Thug údaráis na Spáinne faisnéis bhreise a bhaineann leis an iarraidh i litreacha dar dáta an 11, an 14 agus an 15 Deireadh Fómhair 2024.

(3) Leis an ráta laghdaithe cánach a bhfuil sé beartaithe ag an Spáinn a chur i bhfeidhm, tá sé d’aidhm aici leanúint d’úsáid leictreachais cois cladaigh a chur chun cinn. Úsáid leictreachais den sórt sin, meastar gur bealach é atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol chun freastal ar riachtanais leictreachais soithí atá i mbeart i gcalafoirt ná na soithí sin a bheith ag dó breoslaí umair.

(4) Sa mhéid go seachnaítear astaíochtaí truailleán aeir a eascraíonn as breoslaí umair a dhó le húsáid leictreachais cois cladaigh, rannchuidítear le cáilíocht aeir áitiúil i gcathracha calafoirt a fheabhsú agus torann a laghdú. Tá coinne leis go rannchuideoidh an beart, dá bhrí sin, le cuspóirí comhshaoil, sláinte agus beartas aeráide an Aontais.

(5) Trí chead a thabhairt don Spáinn ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas cois cladaigh, ní théann an cead sin thar a bhfuil riachtanach chun úsáid an leictreachais sin a mhéadú, ós rud é go mbeidh giniúint an leictreachais ar bord mar rogha mhalartach níos iomaíche fós i bhformhór na gcásanna. Ar an gcúis chéanna, agus mar gheall gur íseal go leor é dul i bhfód na teicneolaíochta ar an margadh, ní dócha go mbeidh aon saobhadh mór ar an iomaíocht mar thoradh ar an mbeart sin le

---

15 IO L 283, 31.10.2003, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/96/oj.

16 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1491 ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena n-údaraítear an Spáinn le ráta laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí atá i mbeart i gcalafoirt, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2003/96/CE (IO L 252, 8.10.2018, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1491/oj).

linn a thréimhse chur i bhfeidhm agus mar sin ní bheidh tionchar diúltach aige ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Threoir 2003/96/CE, tá gach údarú a dheonaítear faoin bhforáil sin le bheith teoranta ó thaobh ama de. Chun a áirithiú go mbeidh an tréimhse údarúcháin fada go leor nach díspreagadh a bheidh ann d’oibreoirí ábhartha eacnamaíocha na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh, is iomchuí an t-údarú a dheonú ar feadh thréimhse 4 bliana. Mar sin féin, ba cheart gan feidhm a bheith ag an údarú sin ó dháta chur i bhfeidhm aon fhoráil ghinearálta maidir le buntáistí cánach le haghaidh leictreachais cois cladaigh a ghlacfaidh an Chomhairle faoi Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nó aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh, i gcás ina ndéanfar forálacha den sórt sin infheidhme le linn thréimhse an údaraithe.

(7) Chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar d’oibritheoirí calafoirt agus d’oibreoirí long agus chun méadú féideartha ar an ualach riaracháin le haghaidh dáileoirí agus athdháileoirí leictreachais a sheachaint, ba cheart a áirithiú go bhféadfaidh an Spáinn leanúint de ráta laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas cois cladaigh. Ba cheart, dá bhrí sin, an t-údarú arna iarraidh a dheonú le héifeacht ón 1 Eanáir 2025, chun leanúint gan uaim de na réamhshocruithe faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1491.

(8) Tá an Cinneadh seo gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir leis an Státchabhair,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá an Spáinn údaraithe le ráta laghdaithe cánach a chur i bhfeidhm maidir le leictreachas a sholáthraítear go díreach do shoithí, ar soithí nach árthaí príobháideacha áineasa iad, atá i mbeart i gcalafoirt (‘leictreachas cois cladaigh’), ar choinníoll go n-urramaítear na híosleibhéil chánachais dá dtagraítear in Airteagal 10 de Threoir 2003/96/CE.

*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2028.

Mar sin féin, má dhéanann an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nó ar bhonn aon fhoráil ábhartha eile den Chonradh, foráil maidir le rialacha ginearálta i ndáil le buntáistí cánach le haghaidh leictreachas cois cladaigh. a dhéanfar infheidhme le linn na tréimhse a leagtar amach sa chéad mhír den Airteagal seo, scoirfidh an Cinneadh seo d’fheidhm a bheith aige nuair a thiocfaidh na rialacha ginearálta sin chun bheith infheidhme.

*Airteagal 3*

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*